Comhairle Cathrach & Contae **Luimnigh**

**Limerick** City & County Council

**NTA** Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority




# Taisteal Gníomhach Luimneach

## – próiseas comhairliúcháin neamhreachtúil

**Le maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair, tá an fhoireann Taistil Gníomhach i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, ag leanúint ar aghaidh ag leathnú agus ag uasghrádú líonra rothaíochta agus siúlóide Luimnigh.**

**Mar chuid den bhonneagar seo a chuir ar fáil, tá an fhoireann Taisteal Gníomhach feasach go maith ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht agus cumarsáid le páirtithe leasmhara – mar chónaitheoirí áitiúla, gnólachtaí agus grúpaí pobail – sula gcuirtear tús le próisis chomhairliúcháin reachtúla ar gach tionscadail a chuir ar fáil.**

**Tá plean cúig chéim forbartha ag an bhfoireann Taisteal Gníomhach, le cúnamh ó chomhaltaí tofa Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh, chun dul i ngleic leis an bpobal ar a scéimeanna sula gcuirtear tús le próisis reachtúla.**

**Tá cur síos níos mine ar an bplean cúig chéim seo thíos.**

**1.** **Cruinniú plé tosaigh/bailiú aiseolais:**
- Cuireann Taisteal Gníomhach na príomhpháirtithe leasmhara (amhail úinéirí talún) ar an eolas faoi scóip agus cuspóir an tionscadail. Tionóltar cruinniú tosaigh neamhfhoirmiúil.

**2.** **Tuairisc Roghanna tiomsaithe:**
- Déantar breithniú mionsonraithe sa tuarascáil seo ar na roghanna go léir a d'fhéadfadh a bheith ann don bhonneagar Taisteal Gníomhach.
- Tá an tuarascáil seo bunaithe ar roinnt critéar éagsúil amhail costas, lóistíocht, aiseolas a bailíodh ó phríomhpháirtithe leasmhara, etc.

**3.** **Próiseas comhairliúcháin neamhreachtúil:**
- Próiseas foirmiúil le tosú. Áireoidh sé seo seisiún pearsanta le baill den fhoireann Taisteal Gníomhach.
- Tabharfaidh an próiseas seo deis do bhaill an phobail tuairimí/aighneachtaí a thabhairt ar na roghanna atá á bplé don scéim.

**4.** **Roghnú bealaigh / seisiún faisnéise poiblí:**
- Roghnóidh an fhoireann Taistil Gníomhach bealach ó na roghanna atá ar fáil, bunaithe ar roinnt critéar (lena n-áirítear aiseolas a fuarthas le linn an phróisis chomhairliúcháin neamhreachtúil).
- Reáchtálfar seisiún faisnéise poiblí go pearsanta chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi na sonraí seo sula gcuirfear tús le próisis reachtúla.

**5.** **Próiseas reachtúil le tosú**
- Déanfaidh an fhoireann Taistil Gníomhach aon athruithe deiridh ar na tograí tionscadail.
- Tabharfar faisnéis do chomhaltaí tofa maidir leis na tograí.
- Cuirfear tús le próiseas reachtúil (lena n-áirítear comhairliúchán poiblí foirmiúil).

**An chaoi le teagmháil a dhéanamh le foireann Taistil Gníomhach ag Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh:**
Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoi Thaisteal Gníomhach Luimnigh de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh is féidir leat dul i dteagmháil lenár bhfoireann ar roinnt bealaí.

**R-phost:** activetravel@limerick.ie **Fón:** 061 556000

**Post:** An Roinn Taistil Ghníomhach, Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh, Teach Bhearrúin, Sráid Mhichíl, Luimneach, V94 RF63.